

RIALACHÁN (AE) Uimh. 261/2012 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 14 Márta 2012

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caidreamh conarthach in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad mhír d'Airteagal 42 agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽³⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Tá na hathchóirithe a rinneadh ar chomheagrú na margaí (CEM) i ndiaidh a chéile, ar athchóirithe iad a chumhdaíonn bainne agus táirgí bainne, agus atá cuimsithe anois i Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2007 lena mbunaítear comheagrú na margaí talmhaíochta agus maidir le forálacha sonracha i gcás táirgí áirithe talmhaíochta (an Rialachán maidir le CEM aonair) ⁽⁴⁾, dírithe ar an margadh, is é sin le rá, ligtear do chomharthaí praghaís cinní feirmeoirí a threorú i dtaobh cad atá le táirgeadh agus cá mhéad de atá le táirgeadh, d'fhonn staid iomaíoch na hearnála déiríochta mar aon lena hinmharthanacht i gcomhthéacs trádála domhandaíthe a neartú. Rinneadh cinneadh dá bhí sin cuótaí a mhéadú de réir a chéile trí Rialachán (CE) Uimh. 72/2009 ón gComhairle an 19 Eanáir 2009 maidir le modhnuithe ar an gComhbheartas Talmhaíochta trí na Rialacháin seo a leanas a leasú: Rialachán (CE) Uimh. 247/2006, (CE) Uimh. 320/2006, (CE) Uimh. 1405/2006, (CE) Uimh. 1234/2007, (CE) Uimh. 3/2008 agus (CE) Uimh. 479/2008 agus trí na Rialacháin seo a leanas a aisghairm: Rialachán (CEE) Uimh. 1883/78, (CEE) Uimh. 1254/89, (CEE) Uimh. 2247/89, (CEE) Uimh. 2055/93, (CE) Uimh. 1868/94, (CE) Uimh. 2596/97, (CE) Uimh. 1182/2005 agus (CE) Uimh. 315/2007 ⁽⁵⁾, (athbhreithniú ar an athchóiriú 2008-2009), a ghlacadh, d'fhonn céimniú amach rianúil a áirithiú go dtí deireadh chóras cuóta an bhainne faoi 2015.
- (2) Sa tréimhse ó 2007 go 2009, tharla forbairt eisceachtúla i margaí earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne, arbh é an toradh a bhí orthu faoi dheireadh titim praghsanna in 2008/09. I dtús báire, bhí meath suntasach ar sholáthairtí de bharr dálaí aimsire eisceachtúla san Aigéine, agus tháinig ardú tapa suntasach ar phraghsanna dá bhí sin.

Cé go raibh soláthairtí an domhain ag téarnamh agus cé go raibh praghsanna ag dul i dtreo leibhéal níos normálta, bhí tionchar diúltach ag an ngéarchéim airgeadais agus eacnamaíoch a tharla ina dhiaidh sin ar tháirgeoirí déiríochta an Aontais, toisc gur chuir sé go mór le luaineacht na bpragsanna. Is é a bhí mar thoradh ar phraghsanna tráchtearraí a bheith níos airde ná méadú suntasach ar chostais ábhar beatha agus ar chostais eile ionchuir, lena n-áirítear fuinneamh. Ina dhiaidh sin, nuair a tháinig laghdú ar an éileamh domhanda agus ar an éileamh san Aontas, an t-éileamh ar bhainne agus ar tháirgí bainne san áireamh, le linn tréimhse inar fhan táirgeadh san Aontas cobhsaí, thit praghsanna san Aontas go dtí an leibhéal is ísle sa líontán sábhála. Níorbh ionann amach agus amach an titim ghéar sin i bpragsanna tráchtearraí déiríochta agus praghsanna níos ísle a bheith ar tháirgí déiríochta ar leibhéal an tomhaltóra, rud a chruthaigh, do na hearnálacha iartheachtacha, idir corrlach mór i gcás fhormhór na dtáirgí ó earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne i bhformhór na dtíortha, agus rud nár lig don éileamh ar na táirgí sin athrú i gcomhréir le praghsanna ísle tráchtearraí, rud a mhóilligh téarnamh na bpragsanna agus ba mheasa dá bharr tionchar na bpragsanna ísle ar tháirgeoirí bainne, rud a chuir inmharthanacht a lán díobh i mbaol go mór.

- (3) Mar fhreagairt ar an staid dheacair sin i margadh an bhainne, bunaíodh Grúpa Ardleibhéil Saineolaithe maidir le Bainne ("GAS") i mí Dheireadh Fómhair 2009 chun plé a dhéanamh ar na socrúithe meántéarmacha agus fadtéarmacha le haghaidh earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne, ar socrúithe iad, i gcomhthéacs na guótaí déiríochta a bheith ag teacht chun deiridh in 2015, a chuideodh chun an margadh agus ioncam na dtáirgeoirí bainne a chobhsú agus chun trédhearcacht san earnáil a fheabhsú.
- (4) Fuair an GAS ionchur ó bhéal agus i scríbhinn ó mhórghrúpaí geallsealbhóirí Eorpacha sa slabhra soláthair déiríochta a dhéanann ionadaíocht ar fheirmeoirí, próiseálaithe déiríochta, trádálaithe déiríochta, miondíoltóirí agus tomhaltóirí. Ina theannta sin, fuair an GAS ionchur ó shaineolaithe acadúla ar tugadh cuireadh dóibh, ó ionadaithe trúú tíortha, ó údarais náisiúnta iomaíochta agus ó sheirbhísí an Choimisiúin. Tionóladh comhdháil do gheallsealbhóirí déiríochta freisin an 26 Márta 2010, rud a thug deis do réimse níos leithne gníomhairí sa slabhra soláthair a dtuairimí a chur in iúl. Thíolaic an GAS a thuarascáil an 15 Meitheamh 2010. Sa tuarascáil bhí anailís ar staid reatha na hearnála déiríochta agus roinnt moltaí a bhí dírithe ar chaidreamh conarthach, cumhacht margála táirgeoirí, eagraíochtaí idirghairme/idirchraoibhe, trédhearcacht (lena n-áirítear tuilleadh forbartha ar an Uirlis Eorpach um Fhairsceachán Praghsanna) bearta margaidh agus todhchaíochtaí, caighdeán margaíochta agus lipéadú de réir ionaid tionscnaimh, agus nuálaíocht agus taighde. Tá an Rialachán seo, atá ceaptha lena bheith ina chéad chéim chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin go léir, dírithe ar na chéad cheithre shaincheist díbh.

⁽¹⁾ IO C 218, 23.7.2011, lch. 110.

⁽²⁾ IO C 192, 1.7.2011, lch. 36.

⁽³⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Feabhra 2012 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 28 Feabhra 2012.

⁽⁴⁾ IO L 299, 16.11.2007, lch. 1.

⁽⁵⁾ IO L 30, 31.1.2009, lch. 1.

- (5) Luaigh an GAS go bhfuil difríochtaí móra ann idir na hearnálacha táirgeocta agus próiseála déiríochta sna Ballstáit. Tá difríochtaí móra ann freisin idir staid na n-oibreoirí agus staid na gcineálacha oibreoirí laistigh de na Ballstáit aonair. Ach tá comhchruinniú an tsoláthair íseal in go leor cásanna, áfach, rud a bhfuil éagothroime sa chumhacht margála sa slabhra soláthair idir feirmeoirí agus déirithe mar thoradh air. Is féidir cleachtais tráchtála mhíchothroma a bheith mar thoradh ar an éagothroime sin; go háirithe, d'fhéadfadh sé nach eol do na feirmeoirí, tráth a seachtar é, cén praghas a gheobhaidh siad ar a gcuid bainne toisc gur minic a shocraíonn na déirithe an praghas níos déanaí ar bhonn na bhreisluacha a fhaightear, rud nach mbíonn aon smacht ag an bhfeirmeoir air go minic.
- (6) Tá fadhb ann dá réir sin maidir le tarchur praghsanna feadh an tslabhra, go háirithe maidir le praghsanna ag geata na feirme, nach gnách go n-athraíonn a leibhéal i gcomhréir leis na costais mhéadaitheacha táirgeachta. Ar an taobh eile, le linn 2009 níor oiriúnaigh an soláthar bainne go pras don éileamh laghdaithe. Go deimhin, i roinnt Ballstáit ar táirgeoirí móra iad, sholáthair na feirmeoirí níos mó ná mar a sholáthair siad an bhliain roimhe sin, mar fhreagairt ar na praghsanna laghdaithe. Comhchruinníodh an breisluach sa slabhra déiríochta de réir a chéile sna hearnálacha iartheachtacha, go háirithe i gcás déirithe agus miondioltóirí, agus praghas deiridh do thomhaltóirí bainne ann nach bhfuil á léiriú sa phraghas a íoctar le táirgeoirí. Ba cheart go spreagfaí na gníomhairí go léir sa slabhra déiríochta, lena n-áirítear an earnáil dáileacháin, comhoibriú le chéile chun dul i ngleic leis an éagthroimaíocht seo.
- (7) I gcás na ndéirithe, ní i gcónaí a dhéantar pleanáil mhaith i dtaobh thoirt an bhainne a sheachadfar chucu le linn an tséasúir. I gcás comharchumann déiríochta fiú (atá faoi úinéireacht feirmeoirí, a bhfuil saoráidí próiseála acu agus ina bpróiseáiltear 58 % de bhainne amh an Aontais) d'fhéadfadh easpa a bheith ann maidir leis an soláthar a oiriúnú i bhfianaise an éilimh: tá dualgas ar fheirmeoirí a gcuid bainne go léir a sheachadadh ar a gcomharchumann agus tá dualgas ar an gcomharchumann glacadh leis an mbainne ar fad.
- (8) Ní bhaintear úsáid fhorleathan as conarthaí foirmiúla i scríbhinn roimh sheachadadh, fiú amháin conarthaí foirmiúla ina bhfuil gnéithe bunúsacha. D'fhéadfadh sé go gcabhródh na conarthaí sin, áfach, le freagracht na n-oibreoirí sa slabhra déiríochta a mhéadú agus le feasacht a mhéadú maidir leis an ngá chun go gcuirfí san áireamh níos fearr comharthaí an mhargaidh, chun aistriú praghsanna a fheabhsú agus chun an soláthar a oiriúnú don éileamh, agus freisin chun cuidiú chun cleachtais áirithe tráchtála éagóracha a sheachaint.
- (9) In éagmais reachtaíocht Aontais maidir le conarthaí den sórt sin, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, laistigh dá gcórais féin de dhlí na gconarthaí, úsáid na gconarthaí sin a dhéanamh éigeantach ar choinníoll go n-urramaítear dlí an Aontais agus an méid sin á dhéanamh agus go háirithe go n-urramaítear feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus comheagrú an mhargaidh. I bhfianaise éagsúlacht na gcásanna arb ann dóibh ar fud an Aontais i ndáil le dlí na gconarthaí, agus ar mhaithe leis an gcoimhdeacht, ba cheart gur faoi na Ballstáit a fhanfadh an cinneadh sin. Ba cheart go mbeadh feidhm ag coinníollacha combhionanna maidir le gach seachadadh bainne amh ar chríoch áirithe. Mar sin, má chinneann Ballstát nach mór do gach seachadadh bainne amh ar a chríoch ag feirmeoir chuig próiseálaí a bheith cumhdaithe le conradh i scríbhinn idir na páirtithe, ba cheart go mbeadh feidhm ag an oibleagáid sin freisin maidir le seachadtaí bainne amh a thiocthaid ó Bhallstáit eile, ach nach mbeadh feidhm aici maidir le seachadtaí chuig Ballstáit eile. I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, ba cheart gur faoi na Ballstáit a fhágfaí cinneadh a dhéanamh cibé an gceanglófar ar chéad cheannaitheoir tairiscint i scríbhinn chuig feirmeoir maidir le conradh den sórt sin a dhéanamh.
- (10) Chun íoschaighdeáin iomchuí a áirithiú do na conarthaí sin, áfach, mar aon le dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus chomheagrú na margáí, ba cheart roinnt coinníollacha bunúsacha a leagan síos ar leibhéal an Aontais maidir le húsáid na gconarthaí sin. Ba cheart na coinníollacha bunúsacha sin go léir a chaibidliú go neamhsrianta, áfach. Ionas go neartófaí cobhsaíocht an mhargaidh déiríochta agus an margadh do tháirgeoirí bainne i mBallstáit áirithe ina bhfuil úsáid conarthaí fíorghairide sách forleathan, ba cheart go gceadófaí do Bhallstáit fad íosta a shocrú le haghaidh na gconarthaí sin agus/nó na dtairiscintí sin. Níor cheart an fad íosta sin a fhorchur, áfach, ach amháin ar chonarthaí idir céad cheannaitheoirí agus na táirgeoirí bainne nó i dtairiscintí a dhéanfadh céad cheannaitheoirí le táirgeoirí bainne. Thairis sin, níor cheart go gcuirfeadh sé as d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh agus ba cheart go mbeadh saoirse ag táirgeoirí bainne gan a bheith páirteach ann nó an fad íosta sin a dhiúltú. I measc na gcoinníollacha bunúsacha, is den tábhacht é go bhféadfar an praghas is infoctha don seachadadh a shocrú sa chonradh, de rogha na bpáirtithe conarthacha, mar phraghas seasta nó ar phraghas a bheadh ag athrú agus an t-athrú sin ag brath ar thosca sainithe amhail toirt agus cáilíocht nó comhshuíomh an bhainne amh a bheidh á sheachadadh, gan an fhéidearthacht go mbeadh cumasc de phraghas seasta do thoirt ar leith agus praghas de réir foirmle do thoirt bhreise de bhainne amh a bheidh á sheachadadh i gconradh aonair a eisiáimh.
- (11) Maidir le comharchumann déiríochta a bhfuil forálacha acu ina gcuid reachtanna nó sna rialacha nó na cinní atá bunaithe orthu sin a bhfuil éifeachtaí acu atá cosúil le héifeachtaí na gcoinníollacha bunúsacha le haghaidh conarthaí a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart, ar mhaithe le simplíocht, go ndéanfaí iad a dhíolmhú ón gceangal conradh i scríbhinn a dhéanamh.
- (12) D'fhonn éifeachtacht an chórais chonradh-bhunaithe atá leagtha amach thuas a neartú, i gcás ina mbailíonn páirtithe idirmheánacha bainne ó fheirmeoirí chun é a sheachadadh ar phróiseálaithe, ba cheart go dtabharfaí do na Ballstáit an fhéidearthacht an córas sin a chur i bhfeidhm freisin ar na páirtithe idirmheánacha sin.

- (13) Foráiltear in Airteagal 42 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go mbeidh feidhm ag rialacha iomaíochta an Aontais maidir le táirgeadh táirgí talmhaíochta agus trádáil sna táirgí sin, ach sin go feadh an méid a chinnfidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, faoi chuimsiú Airteagal 43(2) CFAE, a dhéanann foráil é féin do bhunú chomheagrú na margaí talmhaíochta, agus go feadh an méid sin amháin.
- (14) D'fhonn forbairt inmharthana táirgthe a áirithiú agus mar sin caighdeán réasúnta maireachtála a áirithiú d'fheirmeoirí déiríochta, ba cheart a gcumhacht margála i dtaobh próiseálaithe déiríochta a neartú, rud a mbeadh leithdháileadh níos cothroime ar an mbreisluach feadh an tslabhra soláthair mar thoradh air. D'fhonn cuspóirí sin an chomhbheartais talmhaíochta a bhaint amach, dá bhrí sin, ba cheart foráil a ghlacadh de bhun Airteagal 42 agus Airteagal 43(2) CFAE go gceadófaí d'eagraíochtaí táirgeoirí ina bhfuil feirmeoirí déiríochta nó a gcomhlachais, agus iad sin amháin, téarmaí conartha, lena n-áirítear praghas, a chaibidliú go comhpháirteach le déirí maidir le táirgeadh a gcomhaltaí nó cuid de. Ba cheart gurb iad na heagraíochtaí táirgeoirí, agus iad sin amháin, a iarrann aitheantas faoi Airteagal 122 de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007, agus a fhaigheann an t-aitheantas sin, a bheadh incháilithe chun leas a bhaint as an bhforáil sin. Ina theannta sin, níor cheart go mbeadh feidhm ag an bhforáil sin i dtaca le heagraíochtaí aitheanta táirgeoirí, lena n-áirítear comharchumainn, a phróiseálann bainne amh uile a gcomhaltaí, ó tharla nach bhfuil seachadadh de bhainne amh chuig próiseálaithe eile i gceist. Lena chois sin, ba cheart go ndéanfaí foráil go bhféadfaí eagraíochtaí táirgeoirí atá ann cheana agus a aithnítear faoin dlí náisiúnta a aithint *de facto* faoin Rialachán seo.
- (15) Ionas nach mbainfeadh an bonn d'fheidhmiú éifeachtach comharchumann agus ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart a shonrú i gcás ina ngabhann, le ballraíocht feirmeora i gcomharchumann, oibleagáid a bheith ann i dtaca le táirgeadh bainne uile an fheirmeora sin, nó cuid de, bainne amh a sheachadadh, a bhfuil na coinníollacha chuige sin leagtha amach laistigh de reachta an chomharchumainn nó sna rialacha nó sna cinntí atá bunaithe orthu siúd, níor cheart go mbeadh na coinníollacha sin faoi réir caibidlíochta trí eagraíocht táirgeoirí.
- (16) Ina theannta sin, d'fhonn iomaíocht éifeachtach a choimeád sa mhargadh déiríochta, ba cheart an fhéidearthacht sin a bheith faoi réir teorainneacha iomchuí arna sloinneadh i gcéatadán de tháirgeadh an Aontais agus de tháirgeadh aon Bhallstáit arna chumhdú leis na caibidlíochtaí sin. An teorainn chéanna arna sloinneadh i gcéatadán den táirgeadh náisiúnta, ba cheart go mbeadh feidhm ar dtús aici maidir le toirt an bhainne amh a tháirgtear sa Bhallstát is táirgeoir nó i ngach ceann de na Ballstáit is táirgeoirí. Ba cheart go mbeadh feidhm ag an teorainn chéanna chéatadán maidir le toirt an bhainne amh a sheachadadh chuig aon Bhallstát cinn scribe ar leith.
- (17) I bhfianaise thábhacht shonrúcháin cosanta tionscnaimh (SCT) agus tháisc cosanta geografach (TCG), go háirithe do réigiúin íogaire tuaithe, agus chun an breisluach a áirithiú agus chun cáilíocht cáiseanna, go háirithe, a choimeád a bheidh ag tairbhíú de SCT nó de TCG, agus i gcomhthéacs chóras na gcuótaí bainne a bheidh ag dul in éag, ba cheart go gceadófaí do na Ballstáit rialacha a chur i bhfeidhm chun soláthar na cáise sin a bheidh á táirgeadh i limistéar geografach sainithe a rialú. Ba cheart go gcumhdófaí leis na rialacha sin táirgeadh iomlán na cáise lena mbaineann agus ba cheart go ndéanfadh eagraíocht idirchraoibhe, eagraíocht táirgeoirí nó grúpa mar a shainmhínítear é i Rialachán (CE) Uimh. 510/2006 ón gComhairle an 20 Márta 2006 maidir le sonraí geografacha agus ainmníochtaí tionscnaimh do tháirgí agus d'earraí bia talmhaíochta a chosaint⁽¹⁾ iad a iarraidh. Ba cheart go mbeadh an iarraidh sin á thacú ag tromlach mór de tháirgeoirí bainne, ar tromlach é a sheasann do thromlach mór na toirte bainne a úsáidtear don cháis sin, agus i gcás grúpaí agus eagraíochtaí idirchraoibhe, ag tromlach mór de tháirgeoirí cáise agus a sheasann do thromlach mór de thoirte na cáise. Thairis sin, ba cheart na rialacha sin a bheith faoi réir coinníollacha dochta, go háirithe chun damáiste don trádáil i dtáirgí i margaí eile a sheachaint agus chun cearta mionlach a chosaint. Ba cheart do na Ballstáit na rialacha arna nglacadh a fhoilsiú láithreach agus fógra a thabhairt fúthu don Choimisiún, seiceálacha rialta a áirithiú, agus na rialacha a aisghairm i gcás nach mbeidís á gcomhlíonadh.
- (18) Tugadh isteach rialacha ar leibhéal an Aontais le haghaidh eagraíochtaí idirchraoibhe i roinnt earnálacha. Féadfaidh na heagraíochtaí sin ról úsáideach a bheith acu in idirphlé a chumasú idir gníomhairí ar an slabhra soláthair agus i ndea-chleachtas agus trédhearcacht sa mhargadh a chur chun cinn. Ba cheart na rialacha sin a chur i bhfeidhm freisin in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne, chomh maith le forálacha lena soiléirítear seasamh na n-eagraíochtaí sin faoi dlí na hiomaíochta, ar choinníoll nach saobhann gníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí sin an iomaíocht nó an margadh inmheánach nó nach ndéantar difear dochrach do dhea-fheidhmiú chomheagrú na margaí talmhaíochta leo. Ba cheart do na Ballstáit na gníomhairí ábhartha uile a spreagadh chun páirt a ghlacadh sna heagraíochtaí idirchraoibhe.
- (19) D'fhonn na forbairtí sa mhargadh a leanúint, tá faisnéis thráthúil ar thoirte an bhainne amh arna sheachadadh de dhíth ón gCoimisiún. Ba cheart, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfeadh an chéad cheannaitheoir an fhaisnéis sin in iúl do na Ballstáit ar bhonn tráthrialta agus go dtabharfaidh an Ballstát fógra don Choimisiún faoi sin.
- (20) Tá fógraí ó na Ballstáit ag teastáil ón gCoimisiún i dtaca le caibidlíochtaí conarthacha, le haitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí agus dá gcomhlachais agus d'eagraíochtaí idirchraoibhe, chomh maith le caidreamh conarthach in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne, tá gá le fógraí ó na Ballstáit chun críche faireachán agus anailís a dhéanamh ar chur i bhfeidhm

(1) IO L 93, 31.3.2006, lch. 12.

an Rialachán seo, go háirithe i bhfianaise na dtuarascálacha ba cheart dó a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le forbairt an mhargaidh déiríochta.

- (21) Tá údar maith leis na bearta atá leagtha amach sa Rialachán seo i bhfianaise dhálaí reatha eacnamaíochta an mhargaidh déiríochta agus struchtúr an tslabhra soláthair. Ba cheart mar sin iad a chur i bhfeidhm ar feadh tréimhse fada go leor ionas go mbeadh éifeacht iomlán acu. Ós rud é gur bearta forleathana iad, áfach, ba cheart iad a bheith sealadach agus faoi réir athbheithniú chun a fháil amach faoin gcaoi a d'oibrigh siad agus i dtaobh ar cheart go leanfadh siad d'fheidhm a bheith acu. Ba cheart déileáil leis sin in dhá thuarascáil ón gCoimisiún maidir le forbairt an mhargaidh déiríochta, lena gcumhdófar, go háirithe, dreasachtaí féideartha chun feirmeoirí a spreagadh le dul isteach i gcomhaontuithe maidir le comhtháirgeadh, atá le cur isteach faoin 30 Meitheamh 2014, agus faoin 31 Nollaig 2018 faoi seach.
- (22) Braitheann gilleagar réigiún áirithe faoi mhíbhuntáiste san Aontas go trom ar tháirgeadh bainne. Mar gheall ar thréithe sainiúla na réigiún sin, ní mór beartais ghinearálta a oiriúnú chun gur féidir freastal níos fearr ar a riachtanais. Tá bearta sainiúla ann do na réigiúin sin faoi mhíbhuntáiste cheana féin sa chomhbheartas talmhaíochta. Féadfaidh bearta breise beartais a leagtar síos sa Rialachán seo rannchuidiú le staid na dtáirgeoirí bainne sna réigiúin sin faoi mhíbhuntáiste a neartú. Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar na héifeachtaí sin, áfach, sna tuarascálacha thuasluaite, ar ar a mbonn ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann, i gcás inar gá sin, tograí a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle.
- (23) D'fhonn a áirithiú go saineofar go soiléir cuspóirí agus freagrachtaí eagraíochtaí táirgeoirí agus comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil leis na coinníollacha chun aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta mar aon le comhlachais thrasnáisiúnta d'eagraíochtaí táirgeoirí, i ndáil leis na rialacha maidir le cúnaimh riaracháin a bhunú agus maidir le coinníollacha an chúnaimh sin, i gcás comhair thrasnáisiúnta agus i ndáil le ríomh thoirt an bhainne amh a bheidh cumhdaithe ag caibidlíochtaí eagraíochta táirgeoirí. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, le linn dó gníomhartha tarmligthe a ullmhú agus a tharraingt suas, a áirithiú go ndéanfar doiciméid ábhartha a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar bhealach comhuaineach, tráthúil agus iomchuí.
- (24) Chun coinníollacha comhionanna a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart go dtabharfaí cumhachtaí cur chun feidhme don Choimisiún. Maidir leis na cumhachtaí cur chun feidhme a bhaineann le coinníollacha maidir le haitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí agus dá gcomhlachais agus d'eagraíochtaí idirchraoibhe, na fógraí ó na

heagraíochtaí sin maidir le toirt an bhainne amh a bheidh á chumhdach sna caibidlíochtaí, na fógraí a thabharfaidh na Ballstáit don Choimisiún maidir leis na heagraíochtaí sin agus na rialacha maidir le soláthar cáise a bheidh ag tairbhíú de SCT nó TCG, na rialacha mionsonraithe a bhaineann le comhaontuithe, cinntí agus cleachtais chomhbheartaithe in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne, ábhar, formáid agus uainiú na ndearbhuithe éigeantacha san earnáil sin, gnéithe áirithe de chonarthaí maidir le bainne a bheith á sheachadadh ag na feirmeoirí agus na fógraí don Choimisiún maidir leis na roghanna a bheidh glactha ag an mBallstát ina leith sin, ba cheart iad a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún ⁽¹⁾.

- (25) I bhfianaise chumhachtaí an Choimisiúin i réimse dhlí iomaíochta an Aontais agus i bhfianaise chineál speisialta na ngníomhartha sin, ba cheart don Choimisiún a chinneadh, agus gan Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheith á chur i bhfeidhm, cibé an bhfuil comhaontuithe áirithe agus cleachtais chomhbheartaithe áirithe in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne ar neamhréir le rialacha iomaíochta an Aontais, an bhféadfaidh caibidlíocht ag eagraíocht táirgeoirí a bhaineann le níos mó ná Ballstát amháin tarlú agus ar cheart rialacha áirithe arna leagan síos ag na Ballstáit maidir le soláthar na gcáiseanna sin a rialáil a bhfuil SCT nó TCG acu a aisghairm.
- (26) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 leis seo mar a leanas:

- (1) i bpointe (a) den chéad mhír d'Airteagal 122, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:
- “(iia) bainne agus táirgí bainne;”;
- (2) cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 123:
- “4. Féadfaidh na Ballstáit aitheantas a thabhairt freisin d'eagraíochtaí idirchraoibhe:
- (a) a bhfuil aitheantas iarrtha go foirmiúil acu agus atá comhdhéanta d'ionadaithe gníomhaíochtaí eacnamaíochta atá nasctha le táirgeadh bainne amh agus atá nasctha le ceann amháin ar a laghad de na céimeanna seo a leanas den slabhra soláthair: próiseáil nó trádáil, lena n-áirítear dáileadh, táirgí earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne;
- (b) atá foirmithe ar thionscnamh roinnt de na hionadaithe, nó na n-ionadaithe ar fad, dá dtagraítear i bpointe (a);

⁽¹⁾ IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

(c) a dhéanann ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí seo a leanas i réigiún amháin nó níos mó den Aontas, agus leasanna chomhaltaí na n-eagraíochtaí idirchraoibhe agus leasanna tomhaltóirí á gcur san áireamh:

- (i) an t-eolas agus an trédhearcacht sa táirgeacht agus sa mhargadh a fheabhsú, lena n-áirítear trí shonraí staitistiúla a fhoilsiú i dtaca le praghsanna, toirteanna agus fad conarthaí maidir le bainne amh a sheachadadh, ar conarthaí iad a tugadh i gcrích roimhe seo, agus trí anailísí a sholáthar ar fhorbairtí féideartha an mhargaidh amach anseo ar an leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta;
- (ii) cabhrú chun comhordú níos fearr a dhéanamh ar an mbealach a gcuirtear táirgí earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne ar an margadh, go háirithe trí bhíthin taighde agus staidéar ar na margáí;
- (iii) tomhaltas a spreagadh, agus faisnéis a chur ar fáil, maidir le bainne agus táirgí bainne i margáí inmheánacha agus i margáí seachtracha araon;
- (iv) margáí onnmhairíochta féideartha a fhiosrú;
- (v) leaganacha caighdeánacha de chonarthaí a tharraingt suas a bheadh i gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le bainne amh a dhíol le ceannaitheoirí agus/nó táirgí próiseáilte a sholáthar do dháileoirí agus do mhiondíoltóirí, agus an gá le coinníollacha cothroma iomaíochta a bhaint amach agus saobhadh an mhargaidh a sheachaint á gcur san áireamh;
- (vi) faisnéis a sholáthar agus an taighde atá riachtanach a dhéanamh chun an táirgeadh a choigeartú i bhfabhar táirgí a oirfidh níos fearr do riachtanais an mhargaidh agus do mhianta agus ionchas tomhaltóirí, go háirithe maidir le cáilíocht na dtáirgí agus cosaint an chomhshaoil;
- (vii) acmhainn táirgthe na hearnála déiríochta a choinneáil ar bun agus a fhorbairt, *inter alia* trí nuálaíocht a spreagadh agus cláir i dtaca le taighde feidhmeach agus forbairt a thacú chun leas iomlán a bhaint as bainne agus as táirgí bainne, go háirithe chun táirgí breisluacha a chur ar fáil a mbeadh tarraingt níos mó ag na tomhaltóirí orthu;
- (viii) bealaí a lorg chun úsáid táirgí atá dírithe ar shláinte ainmhithe a shrianadh, an bainistiú ar ionchur eile a fheabhsú agus sábháilteacht bhia agus sláinte ainmhithe a fheabhsú;
- (ix) modhanna agus uirlisí a fhorbairt chun cáilíocht na dtáirgí a fheabhsú ag gach céim den táirgeadh agus den mhargáíocht;
- (x) leas a bhaint as acmhainneacht na feirmeoireachta orgánaí agus an fheirmeoireacht sin chomh maith le táirgeadh táirgí lena ngabhann sonrúcháin tion-scainmh, lipéid cháilíochta agus tásca geografacha a chosaint agus a chur chun cinn;
- (xi) táirgeadh comhtháite nó modhanna táirgthe eile atá slán ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn.”;

(3) cuirtear an Roinn seo a leanas isteach i gCaibidil II de Theideal II de Chuid II:

“Roinn IIA

Rialacha maidir le heagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne

Airteagal 126a

Aitheantas a thabhairt d’eagraíochtaí táirgeoirí agus a gcomhlachais in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne

1. Tabharfaidh na Ballstáit aitheantas mar eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne do gach eintiteas dlíthiúil nó do gach cuid atá sainithe go soiléir d’eintiteas dlíthiúil agus a chuireann isteach ar an aitheantas sin, ar choinníoll:

- (a) go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar síos i bpointe (b) agus i bpointe (c) den chéad mhír d’Airteagal 122;
- (b) go bhfuil líon íosta comhaltaí acu agus/nó go gcumhdaíonn siad toirt íosta de tháirgeadh indíolta, a leagfaidh an Ballstát lena mbaineann síos, sa limistéar ina n-oibríonn siad;
- (c) go bhfuil fianaise leordhóthanach ann gur féidir leo a ngníomhaíochtaí a chur i gcrích go cúí i gcaitheamh an ama agus ó thaobh éifeachtacht agus chomhchruinniú an tsoláthair;
- (d) go bhfuil reacht acu atá i gcomhréir le pointe (a), pointe (b) agus pointe (c) den mhír seo.

2. Mar fhreagairt ar iarratas, féadfaidh na Ballstáit aitheantas a thabhairt do chomhlachas d’eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne más rud é go measann an Ballstát lena mbaineann go bhfuil ar chumas an chomhlachais sin aon cheann de na gníomhaíochtaí de chuid eagraíocht aitheanta táirgeoirí a dhéanamh go héifeachtach agus más rud é go gcomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar síos i mír 1.

3. Maidir le heagraíochtaí táirgeoirí a mbeidh aitheantas tugtha dóibh roimh 2 Aibreán 2012 ar bhonn an dlí náisiúnta agus a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go measfar gur eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí iad de bhun phointe (iia) de phointe (a) den chéad mhír d’Airteagal 122.

Eagraíochtaí táirgeoirí a mbeidh aitheantas tugtha dóibh roimh 2 Aibreán 2012 ar bhonn an dlí náisiúnta agus nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh siad leanúint de bheith ag feidhmiú a gcuid gníomhaíochtaí faoin dlí náisiúnta go dtí 3 Deireadh Fómhair 2012.

4. Déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

- (a) cinneadh a dhéanamh i dtaobh aitheantas a thabhairt d’eagraíocht táirgeoirí laistigh de cheithre mhí ón am a dtaiscfear iarratas in éineacht leis an bhfianaise thacaíochta ábhartha ar fad; taiscfear an t-iarratas sin leis an mBallstát ina bhfuil ceanncheathrú na heagraíochta;

- (b) seiceálacha a dhéanamh, ag idirthréimhsí a bheidh le cinneadh acu, chun a chinntiú go bhfuil forálacha na Caibidle seo á gcomhlíonadh ag na heagraíochtaí aitheanta táirgeoirí agus ag comhlachais na neagraíochtaí táirgeoirí;
- (c) i gcás ina mbeidh neamhchomhlíonadh nó neamhrialtachtaí ann i gcur chun feidhme na mbeart dá bhforáiltear sa Chaibidil seo, na pionóis is infheidhme a bheidh leagtha síos acu a fhorchur ar na heagraíochtaí sin agus ar na comhlachais sin agus a chinneadh ar cheart, dá mba ghá sin, an t-aitheantas a tharraingt siar;
- (d) an Coimisiún a chur ar an eolas uair sa bhliain, agus tráth nach déanaí ná an 31 Márta, faoi gach cinneadh a bheidh déanta acu i rith na bliana féilire roimhe sin chun aitheantas a thabhairt, a dhiúltú nó a tharraingt siar.

Airteagal 126b

Aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí idirchraoibhe in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne

1. Féadfaidh na Ballstáit aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí idirchraoibhe in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne ar choinníoll go ndéanann na heagraíochtaí sin an méid seo a leanas:

- (a) go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 123(4);
- (b) go ndéanann siad a ngníomhaíochtaí a chur i gcrích i réigiún amháin nó níos mó ná sin ar an gcríoch lena mbaineann;
- (c) go seasann siad do chion suntasach de na gníomhaíochtaí eacnamaíochta dá dtagraítear in Airteagal 123(4)(a);
- (d) nach mbeidh páirt acu féin i dtáirgeadh, i bpróiseáil ná i dtrádáil na dtáirgí in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne.

2. Maidir le heagraíochtaí idirchraoibhe a mbeidh aitheantas tugtha dóibh roimh 2 Aibreán 2012 ar bhonn an dlí náisiúnta, agus a chomhlíonann coinníollacha mhír 1, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go measfar gur eagraíochtaí aitheanta idirchraoibhe iad faoi Airteagal 123(4).

3. I gcás ina n-úsáidfidh na Ballstáit an rogha chun aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí idirchraoibhe i gcomhréir le mír 1 agus/nó le mír 2, déanfaidh siad an méid seo a leanas:

- (a) cinneadh a dhéanamh i dtaobh aitheantas a thabhairt don eagraíocht idirchraoibhe laistigh de cheithre mhí ón am a dtaiscfear iarratas in éineacht leis an bhfianaise thacaíochta ábhartha ar fad; taiscfear an t-iarratas sin leis an mBallstát ina bhfuil ceanncheathrú na heagraíochta;
- (b) seiceálacha a dhéanamh, ag idirthréimhsí a bheidh le cinneadh acu, chun a fhíoriú go bhfuil na coinníollacha lena rialaítear a n-aitheantas á gcomhlíonadh ag na heagraíochtaí aitheanta idirchraoibhe;
- (c) i gcás ina mbeidh neamhchomhlíonadh nó neamhrialtachtaí ann i gcur chun feidhme na mbeart dá bhforáiltear sa Rialachán seo, na pionóis is infheidhme a bheidh leagtha síos acu a fhorchur ar na heagraíochtaí sin agus a chinneadh ar cheart, más gá sin, an t-aitheantas a tharraingt siar;

(d) aitheantas a tharraingt siar:

- (i) i gcás nach mbeidh na ceanglais agus na coinníollacha maidir le haitheantas a leagtar síos san Airteagal seo á gcomhlíonadh a thuilleadh;
 - (ii) i gcás ina mbeidh páirt ag an eagraíocht idirchraoibhe in aon cheann de na comhaontuithe, cinní agus cleachtais chomhbheartaithe dá dtagraítear in Airteagal 177a(4), gan dochar d'aon phionóis eile a bheadh le forchur de bhun an dlí náisiúnta;
 - (iii) i gcás nach gcomhlíonfaidh an eagraíocht idirchraoibhe an oibleagáid maidir le fógra a thabhairt dá dtagraítear in Airteagal 177a(2);
- (e) an Coimisiún a chur ar an eolas uair sa bhliain agus tráth nach déanaí ná an 31 Márta faoi gach cinneadh a bheidh déanta acu i rith na bliana féilire roimhe sin chun aitheantas a thabhairt, a dhiúltú nó a tharraingt siar.

Airteagal 126c

Caibidlíocht chonarthaigh in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne

1. Féadfaidh eagraíocht táirgeoirí in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne, ar eagraíocht í a aithnítear faoi Airteagal 122, na conarthaí sin maidir le bainne amh arna sheachadadh ag feirmeoir ar phróiseálaí bainne amh, nó ar bhailitheoir de réir bhrí an dara fomhír d'Airteagal 185f(1), a chaibidliú ar son a gcomhaltaí ar feirmeoirí iad, i dtaca le cuid dá gcomhtháirgeadh nó a gcomhtháirgeadh ar fad.

2. Féadfaidh eagraíocht táirgeoirí caibidlíocht a dhéanamh:

- (a) cibé acu a aistríonn nó nach n-aistríonn na feirmeoirí úinéireacht an bhainne amh chuig an eagraíocht táirgeoirí;
- (b) cibé acu is ionann nó nach ionann an praghas a chaibidlítear maidir le comhtháirgeadh roinnt de na comhaltaí ar feirmeoirí iad, nó comhtháirgeadh na gcomhaltaí ar fad ar feirmeoirí iad;
- (c) ar choinníoll i gcás eagraíochta áirithe táirgeoirí:
 - (i) nach mó ná 3,5 % de tháirgeadh iomlán an Aontais toirt an bhainne amh arna chumhdú leis an gcaibidlíocht; agus
 - (ii) maidir le toirt an bhainne amh a chumhdófar leis an gcaibidlíocht a tháirgtear in aon Bhallstát ar leith, nach mó ná 33 % de tháirgeadh náisiúnta iomlán an Bhallstáit sin í; agus
 - (iii) maidir le toirt an bhainne amh arna chumhdú leis an gcaibidlíocht agus a sheachadtar in aon Bhallstát ar leith, nach mó ná 33 % de tháirgeadh náisiúnta iomlán an Bhallstáit sin í;
- (d) ar choinníoll nach bhfuil na feirmeoirí i dtrácht ina gcomhaltaí d'eagraíocht táirgeoirí ar bith eile a dhéanann caibidlíocht ar na conarthaí sin ar son na bhfeirmeoirí freisin; mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit maolú ar an gcoinníoll sin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo más rud é go bhfuil dhá aonad táirgeachta shainiúla lonnaithe i limistéir gheagrafacha éagsúla;

(e) ar choinníoll nach mbeidh an bainne amh cumhdaithe ag aon oibleagáid chun seachadta a eascróidh ó chomhaltas an fheirmeora i gcomharchumann i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i reachtanna an chomharchumainn nó sna rialacha agus sna cinntí dá bhforáiltear sna reachtanna sin nó a chineann uathu; agus

(f) ar choinníoll go ndéanann an eagraíocht táirgeoirí údarais inniúla an Bhallstáit nó na mBallstát ina bhfuil sé ag oibriú a chur ar an eolas maidir le toirt an bhainne amh arna chumhdú leis an gcaibidlíocht sin.

3. In aineoinn na gcoinníollacha a leagtar amach i bpointe (ii) agus i bpointe (iii) de phointe (c) de mhír 2, féadfaidh eagraíocht táirgeoirí caibidlíú de bhun mhír 1 ar choinníoll, maidir leis an eagraíocht táirgeoirí sin, nach mó ná 45 % de tháirgeadh náisiúnta iomlán an Bhallstáit sin toirt an bhainne amh, arna chumhdú sa chaibidlíocht sin, ar bainne é a tháirgtear nó a sheachadtar i mBallstát a bhfuil táirgeadh bainne amh bliantúil is lú ná 500 000 tona aige.

4. Chun críocha an Airteagail seo, áirítear le tagairtí d'eagraíochtaí táirgeoirí comhlachais na n-eagraíochtaí táirgeoirí sin chomh maith.

5. Chun críocha pointe (c) de mhír 2 agus mír 3 a chur i bhfeidhm, foilseoidh an Coimisiún, ar cibé modh a mheasann sé a bheith iomchuí, méid an bhainne amh a tháirgtear san Aontas agus sna Ballstáit ag baint úsáide as an bhfaisnéis is déanaí atá ar fáil.

6. De mhaolú ar phointe (c) de mhír 2 agus ar mhír 3, fiú nuair nach sáraítear na tairseacha a leagtar amach iontu, féadfaidh an t-údarás iomaíochta dá dtagraítear sa dara fómhír den mhír seo cinneadh a dhéanamh i gcás aonair i dtaobh ar cheart caibidlíocht áirithe na heagraíochta táirgeoirí a athoscailt nó nár cheart di tarlú ar chor ar bith má mheasann sé go bhfuil sé sin riachtanach chun cosc a chur ar eisiamh iomaíochta nó chun damáiste tromchúiseach do phróiseálaithe bainne amh ar FBManna iad a sheachaint ina chríoch.

I gcás caibidlíochtaí ina gcumhdaítear níos mó ná Ballstát amháin, is é an Coimisiún a dhéanfaidh an cinneadh dá dtagraítear sa chéad fómhír gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 195(2) ná in Airteagal 196b(2) a chur i bhfeidhm. Is é údarás náisiúnta iomaíochta an Bhallstáit lena mbaineann an chaibidlíocht a dhéanfaidh an cinneadh i ngach cás eile.

Ní bheidh feidhm ag na cinntí dá dtagraítear sa mhír seo roimh an dáta a bhfógraítear iad do na gnóthais lena mbaineann.

7. Chun críocha an Airteagail seo:

(a) ciallaíonn 'údarás náisiúnta iomaíochta' an t-údarás dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha i dtaca le hiomaíocht atá leagtha síos in Airteagal 101 agus in Airteagal 102 den Chonradh (*);

(b) ciallaíonn 'FBM' micreafhiontar, fiontar beag nó fiontar meánmhéide de réir bhrí Mholadh 2003/361/CE ón

gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le sainmhíniú ar mhicreafhiontair agus ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (**).

8. Maidir leis na Ballstáit ina dtarlóidh an chaibidlíocht i gcomhréir leis an Airteagal seo, tabharfaidh siad fógra don Choimisiún maidir le cur i bhfeidhm phointe (f) de mhír 2 agus mhír 6.

Airteagal 126d

Rialáil an tsoláthair maidir le cáis a bhfuil sonrúchán cosanta tionscnaimh nó tásca cosanta geografach aici

1. Arna iarraidh sin ag eagraíocht táirgeoirí a aithnítear faoi phointe (a) den chéad mhír d'Airteagal 122, ag eagraíocht idirchraoibhe a aithnítear faoi Airteagal 123(4) agus ag grúpa oibreoirí dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de Rialachán (CE) Uimh. 510/2006, féadfaidh na Ballstáit, ar feadh tréimhse teoranta ama, rialacha ceangailteacha a leagan síos maidir le rialáil sholáthar cáise a bheidh ag tairbhíú de shonrúchán cosanta tionscnaimh nó de thásca cosanta geografach faoi Airteagal 2(1)(a) agus (b) de Rialachán (CE) Uimh. 510/2006.

2. Comhlíonfar leis na rialacha dá dtagraítear i mír 1 na coinníollacha a leagtar amach i mír 4 agus beidh siad faoi réir théarmaí aon chomhaontaithe a bheidh déanta roimh ré idir na páirtithe sa limistéar geografach dá dtagraítear in Airteagal 4(2)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 510/2006. Déanfar comhaontú den sórt sin idir dhá thrian ar a laghad de na táirgeoirí bainne nó a n-ionadaithe, a sheasann do dhá thrian ar a laghad den bhainne amh a bheidh in úsáid do tháirgeadh na cáise dá dtagraítear i mír 1 agus, más iomchuí, dhá thrian ar a laghad de tháirgeoirí na cáise sin, a sheasann do dhá thrian ar a laghad de tháirgeadh na cáise sin sa limistéar geografach dá dtagraítear in Airteagal 4(2)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 510/2006.

3. Chun críche mhír 1, maidir le cáis a bheidh ag tairbhíú de thásca cosanta geografach, is ionann limistéar geografach tionscnaimh an bhainne amh, mar atá socraithe sa tsonraíocht táirge don cháis, agus an limistéar geografach dá dtagraítear in Airteagal 4(2)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 510/2006 a bhaineann leis an gcais sin.

4. Maidir leis na rialacha dá dtagraítear i mír 1:

(a) ní chumhdófar leo ach amháin rialáil sholáthar an táirge lena mbaineann agus beidh sé d'aidhm acu soláthar na cáise sin a oirínú don éileamh;

(b) ní bheidh éifeacht acu ach amháin maidir leis an táirge lena mbaineann;

(c) ní fhéadfaidh siad a bheith ceangailteach ar feadh tréimhse níos faide ná trí bliana agus féadfar iad a athnuachan tar éis na tréimhse sin tar éis iarraidh nua, mar a thagraítear dó i mír 1, a fháil;

(d) ní dhéanfar damáiste leo do thrádáil táirgí seachas na táirgí lena mbaineann na rialacha dá dtagraítear i mír 1;

(e) ní bhainfidh siad le haon idirbheart tar éis chéadmhar-gaíocht na cáise lena mbaineann;

- (f) ní cheadófar leo socrú praghsanna, lena n-áirítear socrú praghsanna mar threoir nó mar mholadh;
- (g) ní áiríteofar leo nach mbeidh fáil ar sciar rómhór den táirge lena mbaineann a bheadh ar fáil murach sin;
- (h) ní chuirfear idirdhealú ar bun leo, ná ní bheidh siad ina mbac d'iontrálaithe nua sa mhargadh ná ina gcúis go ndéanfar dochar do leasanna táirgeoirí beaga;
- (i) rannchuideoidh siad le cáilíocht agus/nó forbairt an táirge lena mbaineann;
- (j) beidh siad gan dochar d'Airteagal 126c.

5. Foilseofar na rialacha dá dtagraítear i mír 1 i bhfoilseachán oifigiúil de chuid an Bhallstáit lena mbaineann.

6. Déanfaidh na Ballstáit seiceálacha chun a áirithiú go bhfuil na coinníollacha a leagtar síos i mír 4 á gcomhlíonadh, agus i gcás ina gcinneadh na húdaráis náisiúnta inniúla nach bhfuil na coinníollacha sin á gcomhlíonadh, déanfaidh siad na rialacha dá dtagraítear i mír 1 a aisghairm.

7. Tabharfaidh na Ballstáit fógra láithreach don Choimisiún faoi na rialacha dá dtagraítear i mír 1 a bheidh glactha acu. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas faoi aon fhógra i ndáil leis na rialacha sin.

8. Féadfaidh an Coimisiún tráth ar bith gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gceanglaítear go n-aisghairfidh Ballstát na rialacha atá leagtha síos ag an mBallstát sin de bhun mhír 1 más léir don Choimisiún nach gcomhlíonann na rialacha sin na coinníollacha a leagtar síos i mír 4 nó go ndéanann siad iomaíocht a chosc nó a shaoibhadh i gcuid shubstantiúil den mhargadh inmheánach, nó saorthrádail a chur i gcontúirt nó go bhfuil baint amach chuspóirí Airteagal 39 CFAE á chur i mbaol. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 195(2) ná in Airteagal 196b(2) a chur i bhfeidhm.

Airteagal 126e

Cumhachtaí an Choimisiúin maidir le heagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne

1. D'fhonn a áirithiú go saineofar go soiléir cuspóirí agus freagrachtaí eagraíochtaí táirgeoirí agus comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne chun cur le héifeachtacht ghníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí sin gan ualach míchuí a chur orthu, cumhachtófar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 196a lena leagtar síos na nithe seo a leanas:

- (a) na coinníollacha chun aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí trasnáisiúnta agus comhlachais thrasnáisiúnta d'eagraíochtaí trasnáisiúnta;
- (b) na rialacha a bhaineann le bunú an chúnamh riaracháin agus le coinníollacha an chúnamh riaracháin a bheidh le tabhairt ag na húdaráis inniúla ábhartha i gcás comhair thrasnáisiúnta;

- (c) rialacha breise maidir le ríomh thoirt an bhainne amh a chumhdófar leis an gcaibidilíocht dá dtagraítear in Airteagal 126c(2)(c) agus (3).

2. Féadfaidh an Coimisiún rialacha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar síos na rialacha mionsonraithe atá ríachtanach chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) cur chun feidhme na gcoinníollacha chun aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí agus dá gcomhlachais agus d'eagraíochtaí idirchraoibhe a leagtar amach in Airteagal 126a agus in Airteagal 126b;
- (b) an fógra dá dtagraítear in Airteagal 126c(2)(f);
- (c) na fógraí a dhéanfaidh na Ballstáit don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 126a(4)(d), Airteagal 126b(3)(e), Airteagal 126c(8) agus Airteagal 126d(7);
- (d) na nósanna imeachta a bhaineann le cúnaimh riaracháin i gcás comhair thrasnáisiúnta.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 196b(2).

(*) IO L 1, 4.1.2003, lch. 1. Nóta eagarthóireachta: Rinneadh teideal Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 a choigeartú d'fhonn athuimhriú airteagail an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, i gcomhréir le hAirteagal 5 de Chonradh Liospóin, a chur i gcuntas; ba é Airteagal 81 agus Airteagal 82 den Chonradh an tagairt a bhí ann go dtí seo.

(**) IO L 124, 20.5.2003, lch. 36.;

- (4) in Airteagal 175, cuirtear na focail "faoi réir Airteagal 176 go hAirteagal 177a den Rialachán seo", in ionad "faoi réir Airteagal 176 go hAirteagal 177 den Rialachán seo";
- (5) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

"Airteagal 177a

Comhaontuithe, cinntí agus cleachtais chomhbheartaithe in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne

1. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 101(1) CFAE maidir le comhaontuithe, cinntí agus cleachtais chomhbheartaithe eagraíochtaí aitheanta idirchraoibhe chun críche na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 123(4)(c) den Rialachán seo a chur i gcrích.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 ach amháin más rud é:

- (a) go ndearnadh fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na comhaontuithe, na cinntí agus na cleachtais chomhbheartaithe; agus
- (b) laistigh de thrí mhí ó na mionsonraí go léir a bhfuil gá leo a fháil, agus gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 195(2) ná in Airteagal 196b(2) a chur i bhfeidhm, nach bhfuair an Coimisiún nach bhfuil na comhaontuithe, na cinntí nó na cleachtais chomhbheartaithe ag luí le rialacha an Aontais.

3. Ní fhéadfar na comhaontuithe, na cinntí ná na cleachtais chomhbheartaithe a chur i bhfeidhm sula rachaidh an tréimhse dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 2 in éag.

4. Dearbhófar go bhfuil comhaontuithe, cinntí agus cleachtais chomhbheartaithe ar neamhréir le rialacha an Aontais ar aon chuma, más rud é:

- (a) go bhféadfaidh deighilt ar mhargaí ar chuma ar bith laistigh den Aontas a bheith mar thoradh orthu;
- (b) go bhféadfaidh tionchar a bheith acu ar fheidhmiú fónta eagrú an mhargaidh;
- (c) go bhféadfaidh saobhadh ar an iomaíocht a bheith mar thoradh orthu, ar saobhadh é nach bhfuil riachtanach chun cuspóirí an chomhbheartais talmhaíochta arna saothrú trí ghníomhaíocht na heagraíochta idirchraoibhe a bhaint amach;
- (d) a mbaineann socrú praghsanna leo;
- (e) lena bhféadfar idirdhealú a chruthú nó iomaíocht a dhíothú maidir le cion substaintiúil na dtáirgí atá i gceist.

5. Má fhaigheann an Coimisiún, tar éis dhul in éag don tréimhse dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 2, nach bhfuil na coinníollacha maidir le mír 1 a chur i bhfeidhm comhlíonta, déanfaidh sé cinneadh, agus gan an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 195(2) ná in Airteagal 196b(2) a chur i bhfeidhm, ina ndearbhófar go bhfuil feidhm ag Airteagal 101(1) CFAE maidir leis an gcomhaontú, an cinneadh nó an cleachtas chomhbheartaithe i dtrácht.

Ní bheidh feidhm ag an gcinneadh sin ón gCoimisiún tráth níos luaithe ná an dáta a dtabharfar fógra faoi don eagraíocht idirchraoibhe lena mbaineann, ach amháin má thug an eagraíocht idirchraoibhe sin faisnéis mhícheart nó má bhain sí mí-úsáid as an díolúine dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo.

6. I gcás comhaontuithe ilbhliantúla, beidh an fógra don chéad bhliain bailí le linn bhlianta an chomhaontuithe ina dhiaidh sin. Féadfaidh an Coimisiún, áfach, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin ag Ballstát eile, cinneadh faoi neamhlú a eisiúint ag am ar bith.

7. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar síos na bearta is gá chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme go comhionann. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 196b(2).”;

(6) leasaítear Airteagal 184 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 6:

“(6) chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle faoin 31 Nollaig 2010 agus faoin 31 Nollaig 2012 maidir le forás staid an mhargaidh agus na dálaí dá bharr chun an córas cuótaí bainne a chéimniú amach go rianúil, agus tograí iomchuí ag gabháil léi, más gá sin;”;

(b) cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

“(9) chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle faoin 30 Meitheamh 2014 agus faoin 31 Nollaig 2018 maidir le forbairt staid an mhargaidh in earnáil an bhainne agus na dtáirgí

bainne agus go háirithe maidir le feidhmiú phointe (iiiia) de phointe (a) den chéad mhír d’Airteagal 122, Airteagal 123(4), Airteagail 126c, 126d, 177a, 185e agus 185f, lena measúnaítear, go háirithe, na héifeachtaí ar tháirgeoirí bainne agus ar tháirgeadh bainne sna réigiúin faoi mhíbhuntáiste maidir leis an gcuspóir ginearálta táirgeadh a choinneáil ar bun sna réigiúin sin agus lena gcumhdaítear dreasachtaí féideartha chun feirmeoirí a spreagadh le comhaontuithe comhpháirteacha a dhéanamh maidir le comhtháirgeadh in éineacht le haon tograí iomchuí.”;

(7) cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:

“Airteagal 185e

Dearbhuithe éigeantacha in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne

Amhail ón 1 Aibreán 2015, dearbhóidh céad cheannaitheoirí an bhainne amh don údarás inniúil náisiúnta cainníocht an bhainne amh a sheachadtar orthu gach mí.

Chun críche an Airteagail seo agus Airteagal 185f, ciallaíonn ‘céad cheannaitheoir’ gnóthas nó grúpa a cheannaíonn bainne ó tháirgeoirí:

- (a) chun é a bhailiú, a phacáil, a stóráil, a fhuarú nó a phróiseáil, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh faoi chonradh;
- (b) chun é a dhíol le gnóthas amháin nó níos mó a dhéanamh cóireáil nó próiseáil ar bhainne nó ar tháirgí eile bainne.

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir le cainníocht an bhainne amh dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar síos na rialacha maidir le hábhar, le formáid agus le huainíocht na ndearbhuithe sin agus na bearta a bhaineann le fógraí a bheidh le déanamh ag na Ballstáit i gcomhréir leis an Airteagal seo. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 196b(2).

Airteagal 185f

Caidreamh conarthach in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne

1. I gcás ina gcinneadh Ballstát nach mór gach seachadadh bainne amh a dhéantar ar a chríoch ag feirmeoir ar phróiseálaí bainne amh a chumhdach le conradh scríofa idir na páirtithe, agus/nó go gcinneadh sé nach mór do chéad cheannaitheoirí tairiscint i scríbhinn a dhéanamh chun conradh maidir le bainne amh a bheith á sheachadadh ag na feirmeoirí, comhlíonfaidh conradh den sórt sin agus/nó tairiscint den sórt sin na coinníollacha a leagtar síos i mír 2.

I gcás ina gcinneadh an Ballstát nach mór seachadtaí bainne ag feirmeoir ar phróiseálaí bainne amh a chumhdach le conradh i scríbhinn idir na páirtithe, cinneadh sé freisin cé acu céim no céimeanna an tseachadta a bheidh cumhdaithe ag an gconradh sin má dhéantar seachadadh an bhainne amh trí bhailitheoir amháin nó níos mó ná sin. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn ‘bailitheoir’ gnóthas a iompraíonn bainne amh ó fheirmeoir nó ó bhailitheoir eile chuig próiseálaí bainne amh nó chuig bailitheoir eile, i gcás ina n-aistrítear úinéireacht an bhainne amh i ngach cás.

2. Maidir leis an gconradh agus/nó an tairiscint maidir le conradh:

- (a) déanfar é roimh an seachadadh;
- (b) déanfar i scríbhinn é; agus
- (c) áireofar ann, go háirithe, na gnéithe seo a leanas:
 - (i) an praghas is infoctha ar an seachadadh, ar praghas é:
 - a bheidh seasta agus a leagfar amach sa chonradh, agus/nó
 - a ríomhfar trí thosca éagsúla a chur le chéile a bheidh leagtha amach sa chonradh, a bhféadfadh táscairí margaidh a bheith san áireamh iontu lena léirítear athruithe i gcoinníollacha an mhargaidh, an toirt arna seachadadh agus cáilíocht nó comhshuíomh an bhainne amh arna sheachadadh;
 - (ii) toirt an bhainne amh a fhéadfar a sheachadadh agus/nó nach mó a sheachadadh agus uainiú na seachadtaí sin;
 - (iii) fad an chonartha, a bhféadfadh fad cinnte nó fad éiginnte agus clásail foircinn a bheith i gceist leis;
 - (iv) mionsonraí maidir le tréimhsí íocaíochta agus nósanna imeachta;
 - (v) socruithe maidir leis an mbainne amh a bhailiú nó a sheachadadh; agus
 - (vi) na rialacha is infheidhme i gcás *force majeure*.

3. De mhaolú ar mhír 1, ní bheidh gá le conradh, agus/nó tairiscint i dtaca le conradh i gcás ina seachadfaidh feirmeoir bainne amh ar chomharchumann a bhfuil an feirmeoir ina chomhalta de más rud go bhfuil, i reachtanna an chomharchumainn sin, nó sna rialacha agus sna cinntí dá bhforáiltear sna reachtanna sin nó a chineann ó na reachtanna sin, forálacha a bhfuil éifeachtaí acu atá comhchosúil leo siúd atá leagtha amach i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) de mhír 2.

4. Maidir le gnéithe uile na gconarthaí maidir le seachadadh bainne amh arna chur i gcrích ag feirmeoirí, ag bailitheoirí nó ag próiseálaithe bainne amh, lena n-áirítear na gnéithe dá dtagraítear i mír 2(c), déanfar iad a chaibidliú go neamhshrianta idir na páirtithe.

In ainneoin na chéad fhomhíre,

- (i) i gcás ina gcinneadh Ballstát na conarthaí i scríbhinn maidir le seachadadh bainne amh a dhéanamh éigeantach i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh sé fad íosta a bhunú nach mbeidh infheidhme ach amháin maidir le conarthaí i scríbhinn idir feirmeoir agus céad cheannaitheoir an bhainne amh. Sé mhí ar a laghad a bheidh san fhad íosta sin agus ní dhéanfaidh sé difear d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh; agus/nó
- (ii) i gcás ina gcinneadh Ballstát nach mór do chéad cheannaitheoir an bhainne amh tairiscint i scríbhinn ar chonradh a thabhairt don fheirmeoir i gcomhréir le mír 1, féadfaidh sé a fhoráil nach mór go n-áireofaí sa tairiscint fad íosta don chonradh, a leagtar amach chuige sin sa dlí náisiúnta. Sé mhí ar a laghad a bheidh san fhad íosta sin agus ní dhéanfaidh sé difear d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

Beidh an dara fomhír gan dochar do cheart an fheirmeora an fad íosta sin a dhiúlú, ar choinníoll gur i scríbhinn a

dhéanfaidh sé é sin. Sa chás sin, beidh na páirtithe saor chun gnéithe uile an chonartha a chaibidliú, lena n-áirítear na gnéithe sin dá dtagraítear i mír 2(c).

5. Déanfaidh na Ballstáit a úsáidfidh na roghanna dá dtagraítear san Airteagal seo fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcaoi ina gcuirtear i bhfeidhm iad.

6. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar síos na bearta is gá maidir le cur chun feidhme comhionann phointe (a) agus phointe (b) de mhír 2 agus mhír 3 den Airteagal seo agus bearta a bhaineann leis na fógraí a bheidh le tabhairt ag na Ballstáit i gcomhréir leis an Airteagal seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 196b(2).;

(8) cuirtear na hAirteagail seo a leanas le Caibidil I de Chuid VII:

“Airteagal 196a

An tarmligeán a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 126e(1) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana ón 2 Aibreán 2012. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligeán na cumhachta tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana sin. Déanfar tarmligeán na cumhachta a fhadú go hintuigthe ar feadh tréimhsí comhfhad, mura rud é go gcuirfidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 126e(1) a chúlghairm am ar bith. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina thaobh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an tráth céanna.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 126e(1) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí ón tráth a dtabharfar fógra i dtaobh an ghnímh sin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, sula rachaidh an tréimhse sin in éag, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 196b

An nós imeachta coiste

1. Déanfaidh coiste, dá ngairfear an Coiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta, cúnaimh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na

hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (*).

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

(*) IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.”;

(9) cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 204:

“7. Maidir le hearnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne, beidh feidhm ag pointe (iii) de phointe (a) den chéad mhír

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg an 14 Márta 2012.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

M. SCHULZ

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

N. WAMMEN

d'Airteagal 122, ag Airteagal 123(4), agus ag Airteagail 126a, 126b, 126e, agus 177a ón 2 Aibreán 2012 go dtí an 30 Meitheamh 2020 agus beidh feidhm ag Airteagail 126c, 126d, 185e agus 185f ón 3 Deireadh Fómhair 2012 go dtí an 30 Meitheamh 2020.”.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 2 Aibreán 2012.

Beidh feidhm, áfach, ag Airteagail 126c, 126d, 185e agus 185f de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007, mar a chuirtear isteach leis an Rialachán seo iad, ón 3 Deireadh Fómhair 2012.